

Uirlis uathúil tomhais is ea an tInnéacs Comhionannais Inscne lena ndéantar a chasta atá comhionannas inscne a shintéisiú ina thomhas amháin atá furasta le húsáid agus éasca le tuiscint. Agus é bunaithe ar chreat beartais an Aontais Eorpaigh (AE), cabhraítear leis le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ar chomhionannas inscne le himeacht ama ar fud AE.

Is é atá san Innéacs Comhionannais Inscne ná sé chroírimse (obair, airgead, faisnéis, am, cumhacht agus sláinte) agus dhá réimse satailíte (neamhionannais thrasnacha agus foréigean). Ríomhtar é trí tháscairí inscne a chomhcheangal ina dtomhas a choimre aonair. Leis an innéacs, tugtar scór idir 1 agus 100 do Bhallstáit. Seasann 1 do neamhionannas iomlán agus seasann 100 do chomhionannas iomlán. Ní hamháin go dtomhaistear leis bearnaí inscne idir mná agus fir, cuirtear san áireamh leis freisin an comhthéacs tíre agus leibhéil dhifriúla ghnóthachtála na mBallstát i réimsí éagsúla. Léiríonn ardscore foriomlán go bhfuil beagán bearnaí inscne ann (nó nach bhfuil aon bhearnaí inscne ar bith ann) agus go bhfuil dea-staid ann do gach duine (e.g. ard-rannpháirtíocht na mban agus na bhfear araon san fhostaíocht).


Tomhaistear leis an Innéacs Comhionannais Inscne 2015 cé chomh fada (nó cé chomh gar) is a bhí AE agus a chuid Ballstát ó chomhionannas inscne a bhaint amach sna blianta 2005, 2010 agus 2012⁽¹⁾. Soláthraítear ann torthaí do gach réimse agus do gach fo-réimse. Cuirtear i láthair ann freisin an chéad iarracht chun tomhas ilchodach a ríomh ar fhoréigean in aghaidh na mban.

Dul chun cinn ar chomhionannas inscne ó 2005

Léirítear san Innéacs Comhionannais Inscne gur baineadh dul chun cinn beag amach, agus méadú fíorbheag 1.6 phointe ann idir na blianta 2005 agus 2012. Agus meánscore **52.9 bpoinne as 100 pointe** faighte aige sa bhliain 2012, tá leath na hoibre déanta ag AE maidir le comhionannas iomlán inscne a bhaint amach.

Is iad an dá réimse is dúshlánaí ná an roinnt neamhionannas ama le haghaidh gníomhaíochtaí cúram leanaí, baile agus fóillíochta idir mná agus fir (tá méadú tagtha ar neamhionannas ina leith sin ó 2005) agus líon na mban i ról chumhachta agus chinnteoireachta. Cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na mban a ceapadh chuig ról bharrleibhéil ó 2005, níor leor an dul chun cinn sin chun deireadh a chur le ró-ionadaíocht na bhfear sna ról sin.

Cé go ndearnadh dul chun cinn maidir le gnóthachtáil oideachais, is forleathan atá leithscaradh san oideachas go fóill. Tá laghdú tagtha ar fhoghlaim ar feadh an tsoil freisin. Tháinig laghdú ar an scór foriomlán i réimse na faisnéise idir na blianta 2005 agus 2012. Tá roinnt feabhsuithe ar chomhionannas inscne le feiceáil i réimsí na hoibre agus an airgid, cé go bhfuil bearnaí suntasacha inscne ann san fhostaíocht, in ioncam agus i dtuilleamh go fóill. Léiríonn an mheánbhearna 38 % i bpinsin in AE a bhí ann sa bhliain 2012 an tionchar carnach atá ag neamhionannas idir mná agus fir thar a saolré⁽²⁾. Is ard atá an scór comhionannais inscne i réimse na sláinte. Is féidir difríochtaí tábhachtacha idir mná agus fir ó thaobh iompraíochtaí sláinte de a chur leis an innéacs amach anseo d'fhonn tuilleadh faisnéise a chur ar fáil faoi neamhionannais inscne sa tsláinte.




(1) Tá an tInnéacs Comhionannais Inscne bunaithe ar shonraí ó Eurostat (suirbhé ar fhórsa saothair AE, suirbhé ar struchtúr tuillimh, staitisticí AE ar ioncam agus dálaí maireachtála, staitisticí déimeagrafacha), ar cheistneoirí ar staitisticí oideachais ó Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (Unesco)/ an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)/Eurostat, ar shuirbhé Eurofound ar dhálaí oibre san Eoraip, ar bhunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh ar Mhná agus Fir sa Chinnteoireacht, agus ar shuirbhé Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) ar fhoréigean in aghaidh na mban.

(2) EIGE (2015), *Bearna inscne i bpinsin in AE. Nóta taighde d'Uachtaránacht na Laitvia ar AE*. Arna aisghabháil ó http://eige.europa.eu/sites/default/files/documents/MH0415087ENN_Web.pdf

Obair

Réimse na hoibre




Níl ach méadú beag tagtha ar scóir i réimse na hoibre agus ina fho-réimsí ón mbliain 2005. Tá an bhearna inscne san fhostaíocht, arna tomhas de réir rátaí fostaíochta coibhéise lánaimseartha, tar éis laghdú beagáinín ag leibhéal AE. Ba é an laghdú ar rannpháirtíocht na bhfear sa mhargadh saothair a bhrúigh an laghdú sin go príomha.


Is ísle i bhfad ráta ginearálta fostaíochta na mban (62% sa bhliain 2012) ná sprioc Eoraip 2020, is é sin, go mbeidh 75% den daonra fásta (20-64 bliana d'aois) i mbun fostaíochta. Mar gheall ar an gclaonadh a bhíonn ag mná obair ar bhonn páirtaimseartha, beidh sé níos deacra fós an sprioc sin a bhaint amach toisc gurb é an líon uaireanta a oibrítear an rud a chuirtear san áireamh sa ráta fostaíochta, agus ní an líon daoine a bhfuil post acu.

Fo-réimsí

Rannpháirtíocht




Leithscaradh agus cáilíocht na hoibre



Tá dul chun cinn beag le feiceáil i bhfo-réimse an leithscartha agus cháilíocht na hoibre. Ba é an feabhas atá tagtha ar dhálaí oibre a bhrúigh é sin chun cinn go príomha. Tá méadú faoi dhó, beagnach, tagtha ar an gcéatadán d'oibríthe atá in ann an áit oibre a fhágáil ar feadh uaire nó dhó (ó 18% sa bhliain 2005 go 33% sa bhliain 2012). Tá laghdú tagtha ar an mbearna inscne ina leith sin freisin. Mar sin féin, is gá do mhná agus fir araon san Eoraip dul i ngleic le margadh saothair atá leithscartha ó thaobh inscne de. Ar an meán, is mó faoi cheathair, beagnach, an líon ban ná an líon fear (30% i gcomparáid le 8%) a bhí ag obair i ngníomhaíochtaí oideachais, sláinte daonna agus oibre sóisialta in AE sa bhliain 2012.

Airgead

Réimse an airgid




Mhéadaigh scóir i réimse an airgid faoi 3.7 bpointe ó 2005 go dtí 2012. Den chuid ba mhó, ba é an feabhas foriomlán (5.8 bpointe) atá tagtha ar rochtain na mban agus na bhfear araon ar acmhainní airgeadais a bhrúigh an dul chun cinn sa réimse sin. Mar sin féin, is suntasach atá an bhearna airgeadais go fóill agus níl ach athrú beag tagtha uirthi.


Cé go bhfuil na scóir beagáinín níos airde ná iad sin i réimsí eile, bíonn sé níos dúshlánaí do mhná ná fir ar fud AE teacht ar acmhainní airgeadais. Tuilleann mná níos lú airgid ná fir agus bíonn ioncam níos ísle acu, pinsin san áireamh. Is thar a bheith mall an dul chun cinn atá á dhéanamh ar bhearnaí inscne ó thaobh tuillimh agus ioncaim de a dhúnadh.

Fo-réimsí

Acmhainní airgeadais



Staid eacnamaíoch



Is é aidhm an réimse seo ná tuiscint a ghnóthú ar an gcaidreamh cumhachta idir mná agus fir maidir le hacmhainní airgeadais agus eacnamaíoch a bhainistiú sa teaghlach. Is dúshlán mór é sin toisc go mbítear ag brath sna táscairí ioncaim ar shonraí ag leibhéal an teaghlaigh agus go nglactar leis iontu go gcomhroinntear an t-ioncam go cothrom i measc na mball uile den teaghlach. Ar an mbealach sin, sholáthrófaí i dtáscairí aonair faisnéis ní b'ógairé ó thaobh inscne de agus thaispeánfaí iontu staid ní ba réalaíche ar chomhroinnt ioncaim idir baill den teaghlach.

Faisnéis

Réimse na faisnéise




Tháinig an laghdú (3 pointe) sa scór foriomlán i réimse na faisnéise as an rannpháirtíocht laghdaithe i measc daoine fásta (15-74 bliana d'aois) i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Bhain sé sin le hoideachas agus oiliúint atá foirmiúil agus le hoideachais agus oiliúint atá neamhfhoirmiúil araon.


Tá gnóthachtáil oideachais na mban agus na bhfear ag dul i méid go seasta agus is mó mná ná fir ag leibhéal céime anois. Mar sin féin, tá mná comhchruinnithe go fóill i réimsí staidéir a bhfuiltear ag féachaint orthu go traidisiúnta mar réimsí "baineanna". Sa bhliain 2012, bhí mná in AE-28 ró-ionadaithe i measc mac léinn tríú leibhéal i réimsí an oideachais (77 %), na sláinte agus na folláine (73 %) agus na ndaonnachtaí agus na n-ealaíon (65 %). Tagann leithscaradh gairme as leithscaradh inscne ag gach leibhéal oideachais. Téann an leithscaradh inscne sin i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar roghanna gairme amach anseo do mhná agus d'fhir araon.

Fo-réimsí

Gnóthachtáil agus Leithscaradh




Foghlaim ar feadh an tsaoil



Sa chomhthéacs den athrú tapa teicneolaíoch agus de bhun athrú an mhargaidh shaothair atá i réim, tá foghlaim ar feadh an tsaoil ríthábhachtach do mhná agus d'fhir araon faoi láthair. Mar sin féin, tá formhór na mBallstát i bhfad ar shiúl ón sprioc atá leagtha amach sa chreat straitéiseach le haghaidh comhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint (ET2020) a bhaint amach, is é sin, 15 % de dhaoine fásta idir 25 agus 64 bliana d'aois a bheith páirteach i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

Am

Réimse an ama




Tá ag réimse an ama an scór is ísle de réimsí an innéacs (37.6) ar fad agus léiríonn sé an dúshlán is mó, rud atá le fáil sa roinnt ama idir mná agus fir. An chúis phríomha leis an laghdú 3.9 idir na blianta 2005 agus 2010 ba ea laghdú ar an am a bhí mná agus fir in ann a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí sóisialta.


Ar an meán in AE, caitheann 77 % de mhná, i gcomparáid le 24 % d'fhir, uair amháin ar a laghad gach lá ar chócaireacht agus ar obair tí. Leanann mná ar aghaidh ag glacadh i bhfad níos mó freagrachta as aire a thabhairt don teaghlach. Baineann neamhionannas i gcomhroinnt ama sa bhaile le gníomhaíochtaí sóisialta eile freisin. I bhformhór na mBallstát, is mó seans go nglacfaidh fir páirt i ngníomhaíochtaí spóirt, cultúir nó fóillíochta lasmuigh den teach i gcomparáid le mná.

Fo-réimsí

Cúram




Sóisialta



Bíonn mórthionchar ag an am pearsanta a chaitear ar fhreagrachtaí cúraim ar dheiseanna fostaíochta agus neamhspleáchas eacnamaíoch na mban. Deimhnítear sna torthaí a thábhachtaí atá bearta um chothromaíocht níos fearr oibre agus saoil do mhná agus d'fhir, amhail soláthar imleor seirbhísí cúraim atá ar phraghas réasúnta agus ar ardchaighdeán do leanaí agus do chleithiúnaithe eile agus socruithe solúbtha oibre.

Cumhacht

Réimse na cumhachta




Léiríonn réimse na cumhachta an dara scór is ísle, cé go bhfuil méadú 8.3 phointe tagtha ar an scór ón mbliain 2005, an méadú ba shuntasáí riamh.


Léirítear sna torthaí go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ar líon na mban ar bhoird chorparáideacha na gcuideachtaí arna liostú ar stocmhalartán. Mar sin féin, is beag bean atá páirteach i gcinnteoireacht san earnáil airgeadais. Ní raibh ach bean amháin ann i measc na 28 rialtóir banc ceannais sa bhliain 2014 (as an gCipir). Sa bhliain sin, ní raibh ach beirt bhan ina n-airí airgeadais in AE (as an Rómáin agus as an tSualainn).

Fo-réimsí

Polaitiúil




Eacnamaíoch



Le blianta beaga anuas, chuir bearta a chuir Ballstáit i bhfeidhm agus tionscnaimh oiriúnaithe ag leibhéal AE le feabhas soiléir a chur ar an rochtain a bhíonn ag mná ar ról cheannaireachta san earnáil chorparáideach. Áirítear leis na bearta agus na tionscnaimh sin an treoir bheartaithe maidir le cothromaíocht inscne a fheabhsú i measc stiúirtheoirí neamhfheidhmiúcháin boird. Mar sin féin, tá sé riachtanach tabhairt faoi dhíospóireacht phoiblí agus múscailt feasachta ar bhonn níos leithne chun an cultúr corparáideach a athrú. Tugtar an buntáiste d'fhir agus neartaítear neamhionannais inscne trí uaireanta fada oibre agus láithreach fhisiciúil ag an obair, i dteannta stíleanna ceannaireachta atá frinscneach ón taobh traidisiúnta de agus easpa trédhearcachta i gcleachtais earcaíochta agus ardú céime.

Sláinte


Réimse na sláinte




Réimse tábhachtach de chomhionannas inscne is ea réimse na sláinte. Ní hamháin go mbíonn baint dhíreach ag an tsláinte le folláine phearsanta, shóisialta agus eacnamaíoch, ach bíonn baint aici le dínit agus sláine fhisiciúil an duine freisin. Tá méadú beag 2.2 phointe tagtha ar an scór i réimse na sláinte ón mbliain 2005. Tháinig an méadú as ardú beag ar stádas sláinte agus, den chuid ba mhó, as rochtain fheabhsaithe ar struchtúir shláinte. Léirítear é sin sa líon méadaithe daoine a bhfuiltear ag freastal ar a riachtanais liachta agus fiaclóireachta.

Fo-réimsí

Stádas



Rochtain



Ós rud é nach bhfuil fáil ar tháscairí oiriúnacha, ní áirítear leis an gcreat tomhais reatha na difríochtaí idir mná agus fir ó thaobh iompraíochtaí sláinte de. Tá difríochtaí ann in iompraíochtaí agus i stíleanna maireachtála na mban agus na bhfear de réir shaintréithe réamhshainithe na fireannachta agus na banúlachta. Tá sé an-tábhachtach, dá bhrí sin, na difríochtaí iompraíochta a bhaineann le hinscne atá taobh thiar de neamhionannais sa tsláinte a ghabháil.

Leis an Suirbhé Eorpach um Agallaimh Shláinte (EHIS), a rinneadh sa bhliain 2014, tabharfar sonraí tábhachtacha faoi thosca sláinte. Breithneofar iad sin le haghaidh an chéad eagrán eile den Innéacs Comhionannais Inscne.

Innéacs Comhionannais Inscne 2015: réimsí satailíte

Foréigean



Sainaithníodh réimse an fhoréigin a bheith ar an mbearna ba mhó ar fad sa bhliain 2013 mar gheall ar easpa sonraí inchoimparáide agus comhchuibhithe ag leibhéal AE. Ag déanamh forbartha dó ar an suirbhé ón FRA ar fhoréigean in aghaidh na mban agus ar shonraí Eorabharaiméadair, moltar tomhas ilchodach féideartha ar fhoréigean in aghaidh na mban in Innéacs Comhionannais Inscne 2015. Déantar anailís ann freisin ar thuairimí ar fhoréigean in aghaidh na mban agus ar leibhéal feasachta, agus ar mhuintín as na hinstiúidí póilíneachta agus ceartais i sochaí ar leith. Léirítear san anailís go meastar, i dtíortha ina bhfuil leibhéal níos airde de chomhionannas inscne, arna dtomhas ag an innéacs, gur níos do-ghlactha atá foréigean in aghaidh na mban agus gurb é is dóichí go dtuairisceoidh mná teagmhais foréigin. Mar sin féin, ní gá go léiríonn na leibhéal níos ísle foréigin thuairiscithe go bhfuil leibhéal níos ísle foréigin ann. Ina ionad sin, ciallaíonn siad go gcoisctear nochtadh an fhoréigin mar gheall ar thuairimí ar fhoréigean in aghaidh na mban, ar fheasacht air agus ar mhuintín as na hinstiúidí póilíneachta agus ceartais.

An gealltanais a thug AE agus a chuid Ballstát le deireadh a chur le foréigean in aghaidh na mban, ní mór tacaíocht a thabhairt dó trí fhianaise a chur ar fáil i riocht sonraí córasacha, inchoimparáide agus comhchuibhithe. Leanfaidh EIGE ar aghaidh le creat cuimsitheach tomhais a fhorbairt maidir le foréigean in aghaidh na mban. Déanfaidh sé amhlaidh trí shonraí ó shuirbhéanna agus ó fhoinsí riaracháin a chur le chéile.

Neamhionannais thrasnacha




Breithnítear i réimse na neamhionannas thrasnach conas a thrasnaíonn inscne na gnéithe eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar eispéiris saoil na mban agus na bhfear. Mar shampla, is mó na bearnaí inscne ó thaobh na fostaíochta de i gcás oibrithe a rugadh lasmuigh den tír ná i gcás náisiúnaigh na tíre, rud a léiríonn an gá atá ann le tuilleadh anailíse a dhéanamh ar phatrúin imirce atá bunaithe ar inscne. Baineann sé sin le hábhar go háirithe maidir leis na treochothaí dídeanaithe a bhfuil AE ag dul i ngleic leo sa lá atá inniu ann. Is leochaileach atá oibrithe breacaosta freisin. Bíonn rochtain níos ísle acu ar an bhfostaíocht agus bíonn leibhéal níos airde de neamhionannas inscne ina measc i ngach ceann de na Ballstáit. Baineann ríthábhacht le tuiscint a ghnóthú ar na tosca atá i gceist sa nasc idir idirdhealú ar bhonn inscne agus idirdhealú ar bhonn aoise, go háirithe nuair atáthar ag tabhairt aghaidh ar an mbochtaineacht i measc mná breacaosta. Is airde leibhéal bhochtaineachta i dteaghlaigh aontuismitheora, ar teaghlaigh mháthar singile iad den chuid is mó, ná sa phobal ar fad. Léiríonn sé sin gur gá gné inscne a chur ar áireamh nuair atáthar ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiámh sóisialta.

Tá sé ríthábhachtach go ndéantar plé agus tuilleadh anailísithe ar na dóigheanna ina dtrasnaíonn neamhionannais a chéile, agus aitheantas iomlán á thabhairt ar an bhfíric nach grúpaí aonchineálacha iad mná agus fir. Tabharfar díriú níos mine ar an tsaincheist sin sa chéad nuashonrú eile ar an Innéacs Comhionannais Inscne.

An tInnéacs Comhionannais Inscne 2015

Den chéad uair riamh san Aontas Eorpach, tá amshraith forbartha ag an innéacs chun faireachán a dhéanamh ar chomhionannas inscne thar thréimhse shocraithe. Léirítear sna torthaí go bhfuil **leath na hoibre déanta ag AE maidir le comhionannas inscne a bhaint amach** agus go ndearnadh dul chun cinn an-bheag idir an bhliain 2005 agus an bhliain 2012.



Na gnéithe agus na buntáistí ar leith a bhaineann leis an Innéacs Comhionannais Inscne

An tInnéacs Comhionannais Inscne:

- éascaítear leis faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar chomhionannas inscne ar fud AE agus le himeacht ama;
- tacaítear leis le cinnteoirí a mheasúnú cá fhad atá Ballstát ar leith ó chomhionannas inscne a bhaint amach;
- léirítear leis na torthaí difriúla ar bheartais AE agus ar bheartais náisiúnta do mhná agus d'fhir;
- éascaítear leis anailís fhiúntach inscne agus comparáidí fiúntacha inscne idir réimsí éagsúla beartais;
- tacaítear leis le forbairt agus cur chun feidhme na mbeartas agus na reachtaíochta um chomhionannas inscne;
- méadaítear leis feasacht i measc chinnteoirí agus an phobail ar an dul chun cinn atá déanta agus ar na dúshláin a bhaineann le beartais um chomhionannas inscne a chur chun feidhme;
- leagtar leis béim ar bhearnaí sonraí agus iarrtar leis sonraí comhchuibhithe, inchomparáide agus iontaofa atá imdhealaithe ó thaobh inscne de agus ar fáil do na Ballstáit go léir.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) Iárlionad faisnéise de chuid an Aontais Eorpaigh a bunaíodh chun cur le cur chun cinn comhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le hinstitiúidí ábhartha lena n-íarrachtaí chun comhionannas idir mná agus fir a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais le saíneolas áirithe agus sonraí inchomparáide iontaofa maidir le comhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil.

Tuilleadh faisnéise:

<http://eige.europa.eu>

<http://www.twitter.com/eurogender>

<http://www.facebook.com/eige.europa.eu>

<http://www.youtube.com/eurogender>

<http://eurogender.eige.europa.eu>



An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, EIGE
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
LITHUANIA
Teil. +370 52157444
R-phost: eige.sec@eige.europa.eu

PDF	MH-01-16-023-GA-N	10.2839/88714	978-92-9218-906-8
Paper	MH-01-16-023-GA-C	10.2839/75723	978-92-9218-907-5